**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000032/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Peter van Dalen**
on behalf of the PPE Group

Ábhar: Leathnú scéim trádála fabhraí GSP+ don Phacastáin tar éis 2023

Téann an caidreamh idir an tAontas agus an Phacastáin siar go 1962 agus tá siad á dtreorú faoi láthair ag an gComhaontú Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt 2004 agus ag Plean Rannpháirtíochta Straitéisí AE-na Pacastáine ó 2019. Tá tairbhe bainte ag an bPacastáin as scéim trádála fabhraí GSP+ ó 2014 i leith. Cuireann GSP+ fabhair tharaife fhadréimseacha ar fáil d'allmhairí chuig an Aontas ó thíortha leochaileacha i mbéal forbartha d'fhonn tacú le díothú na bochtaineachta, forbairt inbhuanaithe agus rannpháirtíocht sa gheilleagar domhanda, chomh maith le dea-rialachas a threisiú. Tá an stádas fabhrach sin coinníollach ar thíortha GSP+ a léiríonn dul chun cinn nithiúil i gcur chun feidhme 27 gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair, cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide agus dea-rialachas. Tá deireadh ag teacht leis an scéim GSP+ atá ann faoi láthair i mí na Nollag 2023.

Agus scéim GSP+ le dul in éag ag deireadh na bliana, tá cúrsaí sa Phacastáin fós ina gcúis bhuartha. Tá an tír fós sáinnithe i ngéarchéim eacnamaíoch leanúnach, mar atá fíoraithe ag misin ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus ón mBanc Domhanda le déanaí lena ndéantar measúnú ar na coinníollacha d'iasachtaí nua agus ar na hionchais go n-aisíocfar iasachtaí roimhe seo. Cúis mhór imní i gcónaí is ea staid chearta an duine, agus tá dúshláin leanúnacha ag baint le cásanna diamhasla. Léirítear leis an éagobhsaíocht pholaitiúil leanúnach nach bhfuil aon mhaolú i ndán do chúrsaí agus níl i ngabháil an iar-Phríomh-Aire, Imran Khan, le déanaí ach léiriú ar an bhforbairt is déanaí ina leith sin.

1. Conas a dhéanann an Coimisiún meastóireacht ar dhul chun cinn na Pacastáine, más ann dó, maidir le cur chun feidhme na 27 gcoinbhinsiún idirnáisiúnta is gá le haghaidh stádas GSP+?

2. Cad iad na bearta is féidir leis an gCoimisiún a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh an Phacastáin feabhas ar a mhéid a chomhlíonann sí coinbhinsiúin GSP+?

3. An measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh an Phacastáin incháilithe chun leanúint de thairbhe a bhaint as scéim GSP+ tar éis 2023?

Curtha síos:29.6.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra:30.9.2023